Sanctioned by the Commissioners for School Use.

Ceaċta Sgoile

Cuid a haon

Peadar Ó Catáin do sgríoḃ

Coṁluċt Oideaċais na hÉireann, Teóranta, Baile-Áṫa-Cliaṫ agus Béal Feirsde.

BOSTON COLLEGE LIBRARY
CHESTNUT HILL, MASS.

PB1225
C3

Sanctioned by the Commissioners for School Use

Ceaċta Sgoile

Cuid a haon

Peadar Ó Caṫáin
do sgríoḃ

8th EDITION.

BOSTON COLLEGE LIBRARY
CHESTNUT HILL, MASS.

Muinntear Dollard, Teo., do ċló-ḃuail

PB
1225
.O229
1900z

159171

PB1225
.C3

Preface.

THE lessons in this book are arranged on a grammatical basis with a view to enable the Teacher to lead the child-student, step by step, from the most elementary forms to a scientific grasp of oral and written Irish. In each lesson some new feature is introduced. This is to be found at top of lesson. In order that the lessons may be thoroughly understood it is essential that they be given first orally. The objects, or pictures of them, required for these oral lessons, are to be found in most schools. The pupils should be got to perform the various actions suggested by the lesson taught.

Not until the pupils can answer readily and intelligently the oral questions bearing on each lesson should they be got to read it. Most of the sentences have been formed so as to admit of a number of questions on subject matter being put to pupils. Such questions need not be given until the lesson has been read several times.

ṗ Ó C.

Scheme of Lessons.

LESSONS		PAGE
1–6.	Names with assertive verbs ..	1
7–10.	Position of persons and objects, ins an, ar an, ag an, fá'n	4
11.	Further use of ar and ag ..	7
12–13.	Adjectives used predicatively ..	8
14.	Adjectives used attributively with masculine nouns	10
15–16.	Verbs	11
17–20.	Prepositional pronouns from ag, ar, le, fá	13
21–26.	Aspiration	16
27.	Past tense of verbs and use of particles causing aspiration, ar, níor, nár, do, gur	22
28.	Use of words and prefixes which cause aspiration; emphatic form of pre-positional pronouns derived from ag	23
29.	Simple prepositions which cause aspiration	24
30.	Simple prepositions which do not cause aspiration	25

31. Prepositional pronouns derived from do and ó 26
32. Use of amaċ, amuiġ, isteaċ, istiġ .. 27
33. Use of soir, ag dul go dtí, ag teaċt o'n 28
34. Masculine nouns with adjectives .. 29
35. Feminine nouns with adjectives .. 30
36–38. Adjectives, comparison of equality, superiority, and inferiority .. 31

VOWELS.

	leaṫan	Caol
fada :—	á ó ú	é í
geárr :—	a o u	e i

CONSONANTS.

b	c	d	f	g
l	m	n	p	r
	s	t	h	

SOUNDS.

Vowels and Consonants combined.

BROAD			SLENDER	
áb	ób	úb	éb	íb
ab	ob	ub	eb	ib
bá	bó	bú	bé	bí
ba	bo	bu	be	bi
ág	óg	úg	ég	íg
ag	og	ug	eg	ig
gá	gó	gú	gé	gí
ga	go	gu	ge	gi

NOTE.—The other consonants can be taught in a similar manner.

ceaċt I.

fód	clog	hata
cóta	bord	balla
bád	asal	cat

Is fód é. Ní clog é. Is cóta é. Ní hata é. Is bord é. An balla é? Ní bád é. Is cat é. An asal é? Ní asal é. Céard é? Is cat é.

---

ceaċt II.

bróg	sgian	cú	bó
glún	teine	muc	slat
sál	gé	cos	bos

Is bróg í. Is sgian í. Ní teine í. Is glún í. Ní slat í. Céard í? Is bó í. An cú í? Ní cú í. Is muc í. Ní gé í. Is sál í. An cos í? Ní bos í.

Ceaċt III.

Úna	Páid	fear
Máire	Tomás	bean
Áine	Art	gasúr
seo	sin	

Is tú Úna. Ní tú Máire. An tú Áine? Ní mé Áine. Is mé Úna. Is tú Páid. Ní tú Tomás. An tú Art? Ní mé Art. Is mé Páid. Is fear é seo. Is bean í sin. An fear é seo? Ní fear é sin. Is gasúr é.

Ceaċt IV.

Cáit	cipín	peann	cárta
Nóra	bosca	páipéar	cupán

Is í seo Cáit. Is í sin Úna. An í seo Nóra? Ní hí sin Nóra. Is í sin

Máire. An bord é seo? Ní bord é sin. Is stól é. Céard é sin? Is ḃalla é. An páipéar é seo? Ní páipéar é sin. Is cárta é. An cipín é sin? Ní cipín é sin. An bosca é? Ní peann é. Is cupán é.

Ceaċt V.

téad	srón	ordóg	fuinneóg
smig	súil	gruag	leitir
méar	cluas	cailc	

Is téad í sin. Ní méar í seo. Is ordóg í. Céard seo? Is gruag í sin. An smig í sin? Ní smig í sin. Is srón í. Ní súil í. An cluas í seo? Is cluas í sin. An fuinneóg í seo? Ní fuinneóg í sin. Is leitir í. Ní leitir í sin. Is cailc í

Ceaċt VI.

buidéal	lampa	urlár
casúr	báisín	píopa
mála	crúiscín	an t-asal
an t-uan		

Is é sin an páipéar. Ní hé sin an buidéal. Céard é sin? Is é sin an cupán. An é sin an lampa? Ní hé sin an lampa. Is é sin an casúr. Is é sin an báisín. Ní hé sin an crúiscín. An é sin an mála? Is é. An é sin an bosca? Ní hé. Céard é? Is é sin an píopa. An é sin an t-asal? Ní hé sin an t-asal. Is é sin an t-uan. Is é sin an t-urlár.

Ceaċt VII.

ins an.

Tá an fód ins an teine. Níl an peann ins an teine, tá sé ins an

mála. Níl an bosca ins an mála. Tá an cipín ins an leitir. An é an cárta atá ins an leitir. Ní hé. Is é an cipín atá ins an leitir. An é an peann atá ins an mála? Is é. An e an cat atá ins an uisge? Ní hé. Is é an cupán atá ann.

Ceaċt VIII.

Ar an.

tlú stól maide an t-arán

Tá an lampa ar an urlár. Níl sé ar an stól. Céard tá ar an stól? Tá an buidéal agus an báisín agus an cupán ar an stól. Tá an cárta ar an arán agus tá an t-arán ar an mála. An í an sgian atá ar an mála? Ní hí. An é an cupán atá ar an urlár? Ní hé; is é an

lampa atá ar an urlár. Ní ar an maide atá an cárta. Is ar an arán atá sé.

Ceaċt IX.

ag an.

doras	capall	linn
dún	gandal	lios

Tá Nóra ag an doras agus tá Máire ag an teine. Níl Tomás ag an teine, tá sé ag an stól. Cé tá ag an doras? Tá Nóra ag an doras. An í atá ag an stól? Ní hí. Is é Tomás atá ag an stól. An é? Is é. An é sin an capall ag an doras? Ní hé. Is é sin an t-asal. Is é sin an gandal ag an linn. Tá an cat ag an dún agus tá an t-asal ag an lios.

Ceaċt X.

Fá'n.

Tá an páipéar fá Nóra. Tá an bosca ar an urlár fá'n stól. Níl sé fá'n mála. Céard tá fá'n mála? Tá peann agus páipéar agus cipín fá'n mála. Tá an cárta fá'n lampa. Níl sé fá'n doras. Tá an tlú fá'n teine agus tá an sgian fá'n hata. An í an sgian atá fá'n teine? Ní hí. Is é an tlú atá fá'n teine. An fá'n mála atá an bosca? Ní fá'n mála atá an bosca. Is fá'n stól atá sé.

Ceaċt XI.

Ar. Ag.

Conn	ocras	pian	ag caint
caipín	tart	ag ól	im
bróga	tinneas	ag obair	cailín
liam			

Tá cóta ar Úna agus tá hata ar

Nóra. Ní caipín atá ar Art. Níl bróga ar Áine. Tá bosca ag Tomás. Ní téad atá ag Liam. Níl peann ná páipéar ag Conn. Tá arán agus im ag Máire. Tá ocras ar Art agus tá tart ar Liam. Níl tinneas ar Úna. Tá an cailín ag caint agus tá an garsún ag ól. Tá Páid ag obair. Tá pian ar Art.

CEAĊT XII.

bán	dearg	beag	te
glas	fada	mór	gort
gorm	geárr	fuar	donn

Tá an balla bán. Níl an cóta bán. Tá an páipéar glas. Níl sé gorm. Níl an cárta dearg. Tá an peann fada. Níl an cipín fada. Tá sé geárr. Níl an peann geárr. Tá

an cárta beag. Níl sé mór. Tá an t-urlár mór. Tá an teine te. Níl an tlú te. Tá an lá fuar. Níl an gort beag. Tá sé mór agus glas. An é an balla atá dearg? Ní hé. Is é an cárta atá dearg agus is é an balla atá bán. Tá an píopa donn.

Ceaċt XIII.

géar	árd	lán	óg
maol	íseal	cam	sean
trom	deas	glan	láidir
éadtrom	lag		

Is í sin an sgian. Tá sí géar. Níl sí maol. Tá an bord trom. Níl an cárta trom. Tá sé éadtrom. Tá an doras árd. Níl sé íseal. Tá an stól íseal. Tá an buidéal lán. Tá an maide cam agus tá an cupán

glan. Tá Tomás óg. Níl sé sean. Tá tinneas ar Úna agus níl sí láidir. Tá sí lag. Is deas an tír í, Éire. An é an cupán atá lán? Ní hé. Is é an buidéal atá lán. An é an stól atá árd? Ní hé. Is é an balla atá árd agus is é an stól atá íseal.

Ceaċt XIV.

Tá an maide fada ar an urlár agus tá an maide gearr ar an stól. Is é seo an bosca mór agus is é sin an bosca beag. Tá an píopa donn agus an páipéar bán ins an mála. Ní hé sin an cupán glan. Is é sin an buidéal lán. Tá an peann dearg agus an cárta glas fá'n stól agus tá an cipín beag fá'n hata árd. An ar Art atá an cóta gorm? Ní an

Art atá an cóta gorm. Is ar Liam atá sé. An é sin an casúr trom? Ní hé. Is é sin an casúr éadtrom. Ní hé sin an doras íseal. Is é sin an doras árd.

Ceacht XV.

dún	dúnta	bris	briste
forsgail	forsgailte	buail	buailte
las	lasta	glan	glanta

Dún an doras. Tá an doras dúnta. Forsgail an leitir. Tá an leitir forsgailte. An é an mála atá forsgailte? Ní hé. Céard tá dúnta? Is é an doras atá dúnta. Las an cipín, a Nóra. Tá an cipín lasta. Bris an maide. Tá an maide briste. An é an stól atá briste? Ní hé. Is é an maide atá briste agus is é

an cipín atá lasta. Glan an báirín. Tá an báirín glanta. Tá an coirce buailte.

Ceaċt XVI.

do ar níor.

leag stól bainne fíon
líon sguab uisge túlán
rinne

Las an cipín, a Úna. Do las Úna an cipín. Níor las sí an lampa. Ar las sí an teine? Níor las. A Airt, leag an stól. Do leag Art an stól. Ar leag sé an bord? Níor leag. A Nóra, líon an cupán le uisge. Céard do rinne Nóra? Do líon sí an cupán le uisge. Cé líon é? Do líon Nóra é. An le fíon do líon sí an cupán? Ní le fíon do líon sí é. Ar líon sí an buidéal le bainne?

Níor líon. Do sguab Tomás an t-urlár agus do sgól Máire an túlán.

Ceaċt XVII.

agam agat aige aici

Is é sin Tomás agus tá píopa deas aige. Is í sin Úna agus tá mála mór aici. An mála beag atá aici? Ní mála beag atá aici. Tá bosca agus cipín agam. Níl bosca ná cipín agat. Tá peann agus páipéar agat. Céard tá agat? Tá peann agus páipéar agam, agus tá bosca agus cipín agat. An í sin Úna? Is í. Céard tá aici ins an mála? Tá páipéar glas agus cárta mór aici ins an mála. An ag Tomás atá an mála? Ní aige. Is ag Úna atá sé. An ag Úna atá an píopa? Ní aici.

Ceaċt XVIII.

orm ort air uirri
bríste srian cárr olann
bóna

Tá Páid ag an doras agus tá cóta mór air. An caipín atá air? Ní caipín atá air. Is í sin Úna ag an teine. Céard tá uirri? Tá gúna dearg agus hata deas uirri. Tá bóna bán orm. A Airt, tá bríste geárr ort. Níl bríste geárr orm. Tá bríste fada orm. Tá srian ar an asal. Ní cárr atá air. Níl gruag ar an uan. Tá olann air. Tá hata agus bróga orm. Níl hata ná bróga ort.

Ceaċt XIX.

liom leat leis léi
cnaipe biorán

Is le Tomás an peann. Ní leis an

buidéal. Is le Nóra an hata bán. Ní léi an caipín. An le Tomás an hata bán? Ní leis. Cé leis é? Is le Nóra é. An léi an peann? Ní léi. Is liom an cóta agus an cnaipe. Is leat an sgian agus an biorán. An liom an sgian? Ní leat. An leat an cnaipe? Ní liom. Is leat é. An le Tomás an sgian? Is leis. Is le Nóra an bosca gorm. An léi an leitir? Ní léi. Is leat í.

CEAĊT XX.

fúṁ fút faoi

Tá Conn ag an doras agus tá an páipéar faoi. An é an balla atá faoi? Ní hé. Tá an bosca fá'n stól agus tá an cárta dearg fúm. Tá an mála fút, a Airt. An é an stól atá fúm? Ní hé. Is é an

cárta dearg atá fút. An é an bord atá fút? Ní hé. Céard tá fút? Tá an mála fúm. Tá an crúiscín ar an stól agus tá an corcán faoi. Tá casúr fá'n stól agus tá an stól fúm.

Ceaċt XXI.

ḃ. ṁ.

mo ḃosca	do ḃuidéal	biorán
a ḃóna	a bróga	leaḃar
Ḃrian Mártan	an bfuil	láṁ

Is é sin Ḃrian agus tá a ḃóna air. An bfuil a ṁála air? Níl. Tá Máire ag an doras. Níl a bróga uirri. Tá a mála agus a biorán aici i n-a láiṁ. Is é sin mo ḃosca, a Ḃrian, agus is é sin do ḃuidéal. Ní hí sin mo ḃróg. Is í sin mo ḃos. An

é sin do ḃord? Ní hé. Is é sin mo ḃiorán. An ḃfuil do leaḃar in do ṁála, a Ṁáire? Níl, tá sé in mo láiṁ. A Ṁártain, cá ḃfuil do ḃáirín? Tá mo ḃáirín ins an teine. Tá a ṁaide briste agus tá a ṁála dúnta.

Ceaċt XXII.

Ṡ Ṫ

mo ṡúil	do ṡrón	a ṡúiste	a tír
speal	sgioból.	sgilling	caṫaoir
toil	Taḋg	Séamus	taḃair

A Ṡéamuis, an í sin do ṡúil? Ní hí sin mo ṡúil; is í sin mo ṡrón. Taḃair do ṡlat do Ṡéamus, má's é do ṫoil é. Do ṫug sí a slat do Ṡéamus. An ḃfuil do ṡúil tinn, a Ṫomáis?

Níl mo ṡúil tinn. Tá mo ṡál tinn. Fág caṫaoir ag an teine, a Ṫaiḋg. Tá mo ṡúiste agus mo speal in mo sgioból. Tá mo sgian agus mo sgilling ag Máire. A Ṁáire, an í seo do ṫír? Is í. Cá bfuil Tomás ag dul? Tá sé ag dul go Béal an Áṫa.

Ceaċt XXIII.

Ṗ

mo ṗóca do ṗictúir a ṗóca a páirc
tobac Peadar freisin Bairbre

A Ṗádraic, cá bfuil do ṗeann? Tá mo ṗeann in mo ṗóca. An bfuil rud ar biṫ eile in do ṗóca? Tá mo ṗíopa agus mo ṗictúir in mo ṗóca freisin. Do las Peadar a ṗíopa le cipín solais. A Ṗeadair, tóg do ṗáipéar as do borsa. Ar tóg sé

punt as a ṗóca? Do ṫóg. Tá mo ḃó in do ṗáirc. A Ḃairbre, póg do ṗáipéar. Ar ṗóg sí a peann? Níor ṗóg. An ḃfuil tobac in do ṗíopa, a Ṗeadair? Tá. Tabair do Ṗádraic é.

CEAĊT XXIV.

Ḟ

Flann fídeóg filléad fill

Fág do ṗíopa ar an urlár, a Ḟlainn. D'ḟág Flann a ṗíopa ar an urlár. D'ḟosgail Máire a leabar. Níor ḟosgail Tomás a ḟuinneóg. D'ḟág sé a ḟód ar an teine. Tá a ḟód briste anois. Níor bris sé m'ḟuinneóg. Fill do ṗáipéar, a Ṡéamuis. D'ḟill Séamus a ṗáipéar. Cé d'ḟill é? D'ḟill Séamus é. Is í sin Máire agus tá a filléad uirri.

An bfuil m'ḟilléad orm? Níl d'ḟilléad ort. Tá m'ḟídeóg ag Tomás. Do ḟéid sé í.

CEAĊT XXV.

ḋ ġ

dorn dúidín glún giall
Dóṁnall Bríġid suiḋe seasaṁ

Tá mo ḋúidín in mo ḋorn agus tá mo ḋorn dúnta. Ní ar mo ġlúin atá sé. Is í sin Bríġid i n-a suiḋe ar an stól agus is é sin Dóṁnall i n-a ṡeasaṁ ar an urlár. A Ḃríġid, cá bfuil tú? Tá mé in mo ṡuiḋe ar an stól. Agus cá bfuil tusa, a Ḋóṁnaill? Tá mé in mo ṡeasaṁ ar an urlár. Tá Dóṁnall tinn agus tá a láṁ ar a ġiall. Do ḋíol Bríġid a gé. Do ḋún Tomás an doras.

Ceaċt XXVI.

Ċ

clé   ceann   coinneal   druim

is eaḋ   ní heaḋ   naċ   aċt

Cuir amaċ do ċos, a Ċuinn. Naċ é sin do ċeann? Ní hé, aċt mo ċos. An ar do ċeann atá do ċóta, a Ċáit? Ní heaḋ, aċt ar mo ḋruim. Las do ċoinneal le do ċipín, a Ċormaic. Céard tá in mo ċupán? Tá bainne in do ċupán agus tá uisge in do ċorcán. An ar mo ċeann atá mo ċaipín? Is eaḋ. Cuir do ċailc in do ċrúisgín, a Ċáit. Do ċuir sí a cailc in a crúisgín. Tá mo ċos clé tinn.

Ceaċt XXVII.

do níor ar gur nár
do ċaiṫ níor ġearr ar ṫóg
gur ġlan nár ḟág nár ċeannuiġ
do laḃair gur sgríoḃ seaċtṁain

Do ṫóg Seaġán amaċ a sgian agus do ġearr sé an cipín léi. Do ċaiṫ sé an cipín ins an teine agus do ċuir sé an sgian i n-a ṗóca. Níor ġearr sé an páipéar ná níor ċaiṫ sé ins an teine é. Ar ḟosgail sé an leaḃar? Níor ḟosgail, ná níor ḟéaċ sé air. Deir Úna gur ġlan sé an clár duḃ agus gur ḃris sé an cailc agus gur sgríoḃ sé an focal "Gaeḋilge" air. Deir sí freisin nár ċeannuiġ sé leaḃar Béarla agus nár laḃair sé agus nár sgríoḃ sé Béarla le seaċtṁain. Ar ċeannuiġ sé leaḃar Gaeḋilge? Do ċeannuiġ, agus do laḃair sé Gaeḋilge.

ceaċt XXVIII.

aon dá an ró sean rí
agam-sa agat-sa aige-san aice-se
gránda aṁáin an-dona go deiṁin

Tá dá ṗeann ag Taḋg agus níl aċt aon ṗeann aṁáin ag Síġle. An bfuil dá ṁála agat-sa, a Ṗáḋraic? Níl go deiṁin, aċt tá sean-ṁála agam. Ḃí slat an-ḟada agam-sa aċt do bris Tomás í. Níl sí an-ḟada anois aċt tá sí an-ġearr. Is rí-ḋeas an píopa atá ag Taḋg aċt is gránda an toḃac atá aige. Níl píopa ar biṫ aige-san. An aice-se atá an leaḃar? Ní aice; is ag Nóra atá sé. Tá sean-ḋúidín ag an sean-ḟear agus tá sean-ċóta ar a ḋruim. Tá Tomás tinn. An bfuil sé an-dona? Níl sé ró-dona.

ceaċt XXIX.

do o fá tré ar

An ḃfuil cóta ar Ṫomás? Níl cóta ar Ṫomás aċt tá cóta ar Ṫaḋg. A Ṁártain, tóg an peann ó Ṁáire. Níor ṫóg Síġle an mála ó Ḃriġid. Tabair deoċ bainne do Ṁáire, tá tart uirri. Níl tart ar Ṁáire anois. Do sgríoḃ Tomás ar ṗáipéar agus d'ḟág sé fá Ṁartan é. An ḃfuil mo ċaipín fá Ṁártan freisin? Níl, aċt tá do ċaipín fá bosca ins an halla. Naċ ḃfuil mo ċailc agus mo ṡlat fút, a Eiḃlín? Níl, aċt tá siad fá ċataoir ag an teine. Do ċuir Tomás a ṁéar tré poll a ċóta.

Ceaċt XXX.

ag ar gan le go
pinginn nuaḋ aoiḃinn

Tá leaḃar mór Gaeḋilge ag Máire agus níl aon leaḃar, beag ná mór, ag Liam. Dona go leór, a Liaim, agus tá tú gan mála freisin. Tá ocras ar an sean-ḟear agus gan pinginn i n-a póca aige. Do ṫóg Séamus an coirce sin ar mála atá ins an sgioból. Ní ar corcán a fuair sé é. D'ól sé bainne ar báirín. An le Máire an hata nuaḋ? Ní léi; is le Bríġid é.

Is aoiḃinn do Ḃríġid; tá hata nuaḋ agus gúna dearg agus filléad duḃ aici, gíḋ go ḃfuil sí gan bróig ar a cois. Cá ḃfuil Tomás ag dul? Tá sé ag dul go Tuaim.

Ceaċt XXXI.

dom	duit	dó	di
uaim	uait	uaiḋ	uaiṫe
aṫair	sparán	glac	

Ḃí Tomás gan airgead agus do ṫug mise punt dó. Do ṫug Máire pinginn d'Úna aċt níor ṫug sí punt di. Cé ṫug an punt duit? Do ṫug m'aṫair dom é. An ḃfuil sé agat anois? Níl. Ar ṫóg Tomás uait é? Do ṫóg go deiṁin, agus do ṫóg sé sgilling uaim freisin. Céard a fuair Úna ó Ṁáire? Fuair sí punt uaiṫe. Cé ṁéad a fuair sí ó Ṡéamus? Ní ḟuair sí pinginn ar biṫ uaiḋ. Taḃair dom do láṁ agus glac an punt seo uaim. Do ṫug Pádraic sparán d'Art agus do ġlac sé uaiḋ é.

Ceaċt XXXII.

amaċ amuiġ isteaċ istiġ

Tá Nóra ag dul amaċ. An é Miċeál atá ag dul amaċ? Ní hé; is í Nóra atá ag dul amaċ. Tá sí amuiġ anois. An bfuil sí ag dul amaċ? Níl; tá sí amuiġ ċeana. Tá Máire ag teaċt isteaċ. An í Nóra atá ag teaċt isteaċ? Ní hí; is í Máire atá ag teaċt isteaċ. Tá Máire istiġ anois. An bfuil sí ag teaċt isteaċ? Níl; tá sí istiġ ċeana. Cé tá amuiġ? Tá Nóra amuiġ. Naċ í Nóra atá istiġ? Ní hí Nóra atá istiġ; is í Nóra atá amuiġ agus is í Máire atá istiġ.

ceaċt XXXIII.

idir   ag dul go dtí   ag teaċt ó'n

Tá Seaġán i n-a ṡeasaṁ idir an teine agus an bord. Níl mise in mo ṡeasaṁ idir an teine agus an bord aċt táim in mo ṡeasaṁ idir an stól agus an doras. Ḃí Bríġid ag an teine, aċt anois tá sí ag dul ó'n teine go dtí an doras. Níl sí ag an teine anois; tá sí ag an doras. Tá sí ag teaċt anois ó'n doras go dtí an bord. Níl sí ag an doras anois; tá sí i n-a suiḋe ar an stól. Níl Séamus ag dul ó'n sgoil go dtí an baile mór. Tá sé i n-a ṡuiḋe ar ċaṫaoir idir an bord agus an teine.

CEAĊT XXXIV.

an crúiscín donn   an buidéal duḃ
an t-asal fiaḋáin

Ḃí an gasúr fionn i n-a ṡeasaṁ ag an doras mór. Do ṫóg sé an crúiscín donn agus d'ól sé bainne as. Ḃí an fear láidir i n-a ṡuiḋe ar an stól fada. Do ṫóg sé an casúr trom agus do ḃris sé an buidéal duḃ agus do leag sé an bord nuaḋ ar an urlár glan. Ann-soin do ċuir sé an cárta glas agus an páipéar gorm ins an mála fada. D'ḟosgail sé an leaḃar buiḋe agus do léiġ sé focal geárr. Do ċuir sé uisge fuar ins an túlán beag agus d'ḟág sé ar an teine é. D'éiriġ sé i n-a ṡeasaṁ agus d'ḟéaċ sé amaċ. Ċonnaic sé an capall duḃ agus an

t-asal fiaḋáin ag an doras. Ḃí an lampa mór agus an clog beag agus an píopa donn ar an urlár agus do ḟeas sé orra agus do ḃris sé iad.

Ceaċt XXXV.

an ḃean ḃeag   an ḟuinneóg ṁór
an ḃróg ḃuiḋe.

Ḃí an ḃean ḃeag annso indé. Do ṫóg sí an sgian ġéar agus do ġearr sí an ċailc ḃán léi. Do ċaiṫ sí an ċloċ ġlas uaiṫe agus do ḃris sí an ḟuinneóg ṁór. Do ḟuiḋ sí ar ċaṫaoir ḃig annsoin agus rug sí ar an sguaib ḋuiḃ agus do ġlan sí an ḃróg ḃuiḋe léi. Tá a láṁ ċlé briste agus tá a cos ḋeas tinn mar tá an ḃróg ḃuiḋe ró-beag ḋí.

Ḃí sí amuiġ ins an sgioból an lá ċeana. Ḃí an speal ċam ar an

urlár agus do ġearr sí a méar tosaiġ léi. An ḃfuil smig ċam agus gruag ḟada ḋuḃ uirri? Tá, agus tá an ċluas ḋeas boḋar. Tá srón ḋeas ḋíreaċ agus súil ḃeag ġorm aici. Ní hí sin Máire ḃeag; is í sin Máire ṁór.

Ceaċt XXXVI.

ċoṁ . . . le leaṫan spéir

An ḃfuil an cupán seo duḃ? Níl; tá sé bán. Naċ ḃfuil an ḃróg duḃ? Níl; tá sí buiḋe. Is í sin mo láṁ ḋeas agus is í sin mo láṁ ċlé. Tá mo láṁ ḋeas ċoṁ fada le mo láiṁ ċlé. Níl an leaḃar gorm ċoṁ mór leis an leaḃar glas. Níl an bord ċoṁ leaṫan leis an urlár. Tá an ḟuinneóg ċoṁ h-árd leis an

doras. Níl an balla ċoṁ h-árd leis an spéir. Tá Tomás óg. Níl sé ċoṁ sean le Brian. Níl an casúr ċoṁ trom leis an tlú aċt tá sé ċoṁ geárr leis. Tá an balla ċoṁ h-árd leis an doras. Níl Seagan ċoṁ láidir agus ḃí sé.

Ceaċt XXXVII.

bán	níos báine	leaṫan	níos leiṫne
beag	níos luġa	árd	níos aoirde
mór	níos mó	maiṫ	níos feárr

Tá mo láṁ bán agus tá an balla bán, aċt tá an balla níos báine ná mo láṁ. Tá an doras níos aoirde ná an ċaṫaoir. Tá an bord níos truime ná an hata. An bfuil an bord níos fuide ná an stól? Níl; aċt tá sé níos giorra. Tá an sgian

níos maoile ná an speal, aċt níl sí níos fuide. Tá an leaḃar Béarla beag, deas agus leaṫan, aċt is luġa agus is deise agus is leiṫne an leaḃar Gaeḋilge ná é. Is duiḃe an ḃróg ná an buidéal. An sine Eoġan ná Séamus? Is sine; agus is aoirde é ná Séamus. An mó an ċaṫaoir ná an leaḃar? Is mó i ḃfad. An fearr leat Gaeḋilge ná Béarla? Is fearr liom Gaeḋilge. Is maiṫ an buaċaill ṫú.

CEAĊT XXXVIII.

sean	is sine	lag	is laige
trom	is truime	deas	is deise

Tá Art agus Peadar agus Seaġán i n-a seasaṁ ag an teine. Tá Art sean agus árd. Tá Peadar níos sine agus níos aoirde ná é; aċt is

é Seaġán an buaċaill is sine agus is aoirde aca. Ní hé Art an buaċaill is láidre; is é an buaċaill is laige agus is óige aca é. Tá leaḃar glas agus leaḃar buiḋe agus leaḃar gorm ar an urlár. Is é an leaḃar glas an leaḃar is mó agus an leaḃar is deise aca. Is é an leaḃar gorm an leaḃar is luġa aċt ní hé an leaḃar is leiṫne é. Is é an balla an rud is báine atá ins an sgoil, agus is é an dubaċ an rud is duiḃe. Ní hé an páipéar an rud is truime; is é an rud is éadtruime é.

Sgéilín.

Is deas an buaċaill é Seaġán Ó Dúbda. Tá sé dá bliadan déag d'aois anois agus bíonn sé ag dul ar sgoil gaċ lá. Tá Gaedilge blasta ag a aṫair aċt níl Gaedilge ar biṫ ag a ṁáṫair. Tá Seaġán ag fóġluim Gaedilge ins an sgoil. Fuair sé duais ó'n máiġistir Dia Luain agus bí bród mór ar a aṫair. Tá dearbráṫair óg ag Seaġán. Pád-raic is ainm dó. An ċéad lá ċuaid sé ar sgoil bí iongnad mór air. Ḃí cóta beag deas agus bóna bán air. Ḃí mála aige freisín, agus ins an mála bí leabar agus arán agus im.

"Cé hé an buaċaillín deas seo atá leat, a Ṡeaġáin?" ars' an máiġistir. "Is é seo Pádraic,"

arsa Seaġán. "Céad fáilte róṁat, a Ṗáḋraic," ars' an máiġistir, agus do ċrait sé láṁ leis. Do ṫug sé uḃall mór dearg agus peann fada ḋó.

"Go raiḃ maiṫ agat," arsa Páḋraic.

"Agus tá Gaeḋilge ag Páḋraic," ars' an máiġistir.

"Tá," arsa Seaġán, "agus ag Bríġid ḃeag atá ag baile."

Do ṁol an máiġistir Páḋraic go mór.

Ag an dó ḋéag a ċlóg bí ocras ar Ṗáḋraic. D'ḟosgail Seaġán an mála agus do ṫóg sé amaċ an t-arán agus an t-im. Bí buidéal bainne i n-a ṁála féin ag Seaġán agus ṫug sé do Ṗáḋraic é. Nuair a ċuaiḋ sé abaile d'innis sé d'á aṫair agus d'á ṁáṫair gaċ rud fá'n sgoil.

Gugailí gúg.

Gugailí gúg
  Cá ndéanaiḋ mé nead?
Má ġním ins an abainn í
  Ġeoḃaiḋ an gaṁain í;
Is gugailí gúg
  Cá ndéanaiḋ mé nead?

Gugailí gúg
  Cá ndéanaiḋ mé nead?
Má ġním ins an leabar í
  Ġeoḃaiḋ an gabar í;
Is gugailí gúg
  Cá ndéanaiḋ mé nead?

Gugailí gúg
  Cá ndéanaiḋ mé nead?
Má ġním ins an riasg í
  Ġeoḃaiḋ an t-iasg í;
Is gugailí gúg
  Cá ndéanaiḋ mé nead?

Gugailí gúg
  Cá nDéanaiḋ mé nead?
Má ġním ins an teaċ í
  Ġeoḃaiḋ an ḃeaċ í;
Is gugailí gúg
  Cá nDéanaiḋ mé nead?

Gugailí gúg
  Cá nDéanaiḋ mé nead?
Má ġním ins an gcró í
  Ġeoḃaiḋ an ḃó í;
Is gugailí gúg
  Cá nDéanaiḋ mé nead?

Gugailí gúg
  Cá nDéanaiḋ mé nead?
Má ġním ins an tuiġe í
  Ġeoḃaiḋ an laoġ í;
Is gugailí gúg
  Cá nDéanaiḋ mé nead?

Ó "An Ṫiaċóg" le cead ó'n úġdar, Eoġan Ó Neaċtain.

Foclóir.

abaile, home.
abainn, *f.*, a river.
ag, at.
agam, at me.
agat, at thee.
aige, at him.
aice, at her.
ainm, *m.*, a name.
ag dul, going.
ag teaċt, coming.
amaċ, out (motion).
amuiġ, outside.
aṁáin, only, alone.
annsoin, then.
anois, now.
aon, one.
aoiḃinn, pleasant.
aois, age.
arán, *m.*, bread.
ar biṫ, at all.
árd, high, tall.
asal, *m.*, an ass.
atá, who is, which is.
aṫair, *m.*, a father.

bád, *m.*, a boat.
bainne, *m.*, milk.
baile, *m.*, a town.
báisín, *m.*, a basin.
balla, *m.*, a wall.
bán, white.
beaċ, *f.*, a bee.
beag, small.
bean, *f.*, a woman.
bíonn, is (habitually).
biorán, *m.*, a pin.
blasta, fluent, tasty.
bliaḋan, *f.*, a year.
boḋar, deaf.
bóna, *m.*, a collar.
bord, *m.*, a table.
bos, *f.*, palm of hand.
bosca, *m.*, a box.
bris, break.
bríste, *m.*, trousers.
bród, *m.*, joy.
bróg, *f.*, a shoe.
buaċaill, *m.*, a boy.
buail, beat.
buidéal, *m.*, a bottle.
buiḋe, yellow.

cá, where.
cailín, *m.*, a girl.
cailc, *f.*, chalk.
cam, crooked.
caipín, *m.*, a cap.
cainnt, talk.
caiṫ, throw, spend.
capall, *m.*, a horse.

cárr, *m.*, a car.
cárta, *m.*, a card.
casúr, *m.*, a hammer.
cat, *m.*, a cat.
caṫaoir, *f.*, a chair.
cé, who.
céad, first, hundred.
ċeana, already.
ceann, *m.*, one, a head.
céard, what.
ceannuiġ, buy.
cipín, *m.*, a match.
clár-duḃ, *m.*, a black-board.
clé, left.
clog, *m.*, a clock.
cluas, *f.*, an ear.
cnaipe, *m.*, a button.
coinneal, *f.*, a candle.
coirce, *m.*, oats.
ċoṁ, as.
cos, *f.*, a foot.
cóta, *m.*, a coat.
corcán, *m.*, a pot.
craiṫ, shake.
crúisgín, *m.*, a jug.
cró, *m.*, a pig-sty.
cú, *f.*, a hound.
ċuaiḋ, went.
cuir, put, send.
cupán, *m.*, a cup

Dá, two.
déan, do, make.
dearḃráṫair, *m.*, a brother.
dearg, red.
deas, nice, right.
deir, says.
deoċ, *m.*, a drink.
díol, sell.
díreaċ, straight.
dom, to me.
duit, to thee.
dó, to him.
di, to her.
dona, bad.
donn, brown.
doras, *m.*, a door.
dorn, *m.*, a fist.
druim, *m.*, a back.
duais, *f.*, a prize.
dúidín, *m.*, a short pipe.
dún, a fort; close (*v.*).

éadtrom, light.
éiriġ, rise up, get up.

fá, under.
fada, long.
fág, leave.
fáilte, *f.*, welcome.
féaċ, see.
fear, *m.*, a man.
fiaḋáin, wild.
fídeog, *f.*, a tin whistle.
fill, fold, return.
filléad, *m.*, a shawl.
fíon, *m.*, wine.
fionn, fair.
focal, *m.*, a word.

fód, *m.*, a sod.
fosgail, open.
freisin, also.
fuinneóg, *f.*, a window.
fuar, cold.
fúm, under me.
fút, under thee.
faoi, under him.
fuair, got.

gaḃar, *m.*, a goat.
gaṁain, *m.*, a calf.
gandal, *m.*, a gander.
garsún, *m.*, a little boy.
gé, *f.*, a goose.
géar, sharp.
gearr, short.
ġeoḃaiḋ, will get.
giall, *m.*, jaw.
gíḋ, although.
glac, take.
glan, clean.
glas, green.
glún, *f.*, a knee.
ġním, I do, make.
gorm, blue.
gort, *m.*, a field.
go deiṁin, indeed.
go dtí, to, until.
go leór, a great deal.
gránda, ugly.
gruag, *f.*, hair.
gúna, *m.*, a dress.

halla, *m.*, a hall.
hata, *m.*, a hat.

iad, them.
iasg, *m.*, a fish.
idir, between.
im, *m.*, butter.
indé, yesterday.
innis, tell.
iongnaḋ, *m.*, wonder.
is airde, higher, highest.
is deise, nicer, nicest.
is duiḃe, blacker, blackest.
is fearr, better, best.
is laige, weaker, weakest.
is leitne, wider, widest.
is luġa, smaller, smallest.
is sine, older, oldest.
íseal, low.
isteaċ, in (motion).
istiġ, inside.

lá, *m.*, a day.
laḃair, speak.
láidir, strong.
lag, weak.
láṁ, *f.*, a hand.
lampa, *m.*, a lamp.
lán, full.
laoġ, *m.*, a calf.
las, light.
le, with.
leag, knock.
léiġ, read.
leaṫan, broad.
leitir, *f.*, a letter.
liom, with me.
leat, with thee.

leis, with him.
léi, with her.
lios, *m.*, a mound
líon, fill.
linn, *m.*, a pool.

má, if.
maide, *m.*, a stick.
mála, *m.*, a bag.
maol, bald.
máṫair, *f.*, a mother.
mé, I, me.
méad, *m.*, much, many.
méar, *f.*, a finger.
mór, big, large.
muc, *f.*, a pig.

naċ, is not.
nár, did not.
nead, *f.*, a nest.
ní heaḋ, no.
níos aoirde, taller.
níos báine, whiter.
níos fuide, longer.
níos giorra, shorter.
níos leiṫne, wider.
níos maoile, blunter.
níos truime heavier.
nuaḋ, new.

Obair, *f.*, work.
ocras, *m.*, hunger.
óg, young.
ól, drink.
olann, *m.*, wool.

ó'n, from the.
ordóg, *f.*, a thumb.
orm, on me.
ort, on thee.
orra, on them.

Páipéar, *m.*, a paper.
peann, *m.*, a pen.
peann-luaiḋe, *m.*, a lead pencil.
pian, *f.*, a pain.
pictúir, *m.*, a picture.
pinginn, *f.*, a penny.
píopa, *m.*, a pipe.
póca, *m.*, a pocket.
poll, *m.*, a hole.
punt, *m.*, a pound.

Riasg, a marsh, a moor.
rug, caught.

Sál, *f.*, a heel.
sé, he, six.
seas, stand.
seaċtṁain, *f.*, a week.
sean, old.
séid, blow.
seo, this.
sin, that.
sgian, *f.*, a knife.
sgioból, *m.*, a barn.
sgilling, *f.*, a shilling.
sgoil, *f.*, a school.
sgól, scald

...te.
slat, *f.*, a rod.
smig, *f.*, a chin.
solas, *m.*, light.
sparán, *m.*, a purse.
speal, *f.*, a scythe.
spéar, *f.*, sky.
srian, *m.*, a bridle.
srón, *f.*, a nose.
stól, *m.*, a stool.
suiḋ, sit.
súil, *f.*, an eye.
súiste, *m.*, a flail.

Tabair, give.
tart, thirst.
te, hot.
téad, *f.*, a string.

te..., *m.*, a ho...
teine, *f.*, a fire.
tinneas, sickness.
tlú, *m.*, tongs.
tóg, take.
tobac, *m.*, tobacco.
toil, will.
tosaiġ, first; begin (*v.*)
trí, three; through.
trom, heavy.
tú, thou.
ṫug, gave.
túlán, *m.*, a kettle.

Uan, *m.*, a lamb.
uball, *m.*, an apple.
uirri, on her.
urlár, *m.*, a floor.

BOSTON COLLEGE
3 9031 01172839 1

PB1225
.C3
159171
Ó Catáin, Peadar.
Author
Ceaċta sgoile: cuid a
Title
haon; 8th ed.

O'Catáin

BOSTON COLLEGE LIBRARY
UNIVERSITY HEIGHTS
CHESTNUT HILL, MASS.

Books may be kept for two weeks and may be renewed for the same period, unless reserved.

Two cents a day is charged for each book kept overtime.

If you cannot find what you want, ask the Librarian who will be glad to help you.

The borrower is responsible for books drawn on his card and for all fines accruing on the same.

DOLLARD, PRINTINGHOUSE, DUBLIN, LIMITED
Déanta i nÉirinn
REG No 8313.